# GLÓR CHEATHARLACH

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó: Glór Cheatharlach
Carlow Gateway Business Centre, Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

## Bealtaine an tSamhraidh

Tá Mí na Bealtaine beagnach buailte linn agus aimsir álainn ghrianmhar geallta, tá súil againn, mar chruthú go bhfuil laethanta fada an tSamhraidh ag síneadh amach ós ár gcomhair. 'Séard is brí le Bealtaine ná Béal Tine mar bhíodh Tinte Cnámh ag na Ceiltigh chun fáiltiú roimh an samhradh. Glaoití Lá Buí Bealtaine ar an gcéad lá de Bhealtaine… buíú na gréine agus teacht an tsamhraidh.

Mí thábhachtach i bhféilire na gCeilteach ab ea Bealtaine. Roinn na Ceiltigh an bhliain ina dhá chuid – an leath dorcha agus an leath geal. Cosúil len a lán ciníocha eile, thosaigh an bhliain leis an tráth dorcha. Mar sin, chuir Féile na Samhna tús leis an leath dorcha agus Oíche Bhealtaine tús leis an leath geal. Dátaí fíor thábhachtacha i mBliain na gCeilteach ab ea Samhain agus Bealtaine. Buailtear leis an dá thréimhse céanna sin ins na Scéalta Fiannaíochta chomh maith-bhíodh Fianna Éireann ina gcampaí ó Shamhain go Bealtaine agus ag seilg amuigh faoin spéir ó Bhealtaine go Samhain.

Bhí mórán nósanna ag baint le Mí na Bealtaine sa Bhliain Cheilteach, ní nach ionadh, agus tá cuid acu ann fós. I dtús báire, cuireann Bealtaine fáilte roimh an samhradh. Tagann fás agus borradh faoin dúlra i ndiaidh codhladh an gheimhridh. Tagann duilleoga agus bachlóga úra ar ghéaga loma na gcrann agus ins na páirceanna bíonn an lus buí bealtaine, cam an ime, bainne bó bleacht agus an sabhaircín le feiceáil go flúirseach. Agus nach iontach an radharc an sceach gheal faoi bhláth ar na claíocha-crann go raibh baint faoi leith aige le gnásanna agus le nósanna na Bealtaine. Chuirtí craobhacha maisithe os comhair an dorais mar chomhartha go raibh dúluachair an gheimhridh thart agus torthúlacht an tsamhraidh i réim arís.

Bhí sé de nós ag daoine chomh maith dul isteach ins na coillte roimh éirí na gréine maidin Lae Bealtaine agus craobhacha glasa a thabhairt isteach sa tigh. Leis sin bhí an samhradh tugtha isteach agus ní fhéadfadh éinne é a bhaint díot. Bhíodh Amhrán na Bealtaine á chasadh acu ag filleadh abhaile dóibh:

Samhradh! Samhradh! Bainne na ngamhna!
Thugamar féin an samhradh linn,
Samhradh buí ó luí na gréine,
Thugamar féin an samhradh linn.
Cuileann is coll, trom is cárthain,
Thugamar féin an Samhradh linn,
Is fuinseog ghléigeal bhéil an átha,
Thugamar fein an Samhradh linn.



Mí na Bealtaine agus teacht an tSamhraidh

## Margadh an tSamhraidh i Duckett's Grove

Reachtálfar Margadh an tSamhraidh i nGairdíní Ducketts Grove, Ceatharlach ar an Domhnach, 2 Bealtaine, idir 11.00r.n. agus 5.00i.n. agus beidh céad míle fáilte roimh chách. Cuirfear béim ar an gceardaíocht traidisiúnta agus ar bhianna blasta an cheantair. I measc na seastán traidisiúnta beidh déantús ime, tuíodóireacht agus fíodóireacht ciseáin gan trácht ar rogha agus togha gach bia. Is lá don teaghlach a bheidh i gceist agus mar sin beidh siamsaíocht agus spraoi do na leanaí idir karaoke, casadh balúin, smidiú aghaidheanna agus ar ndóigh tóraíocht taisce mórthimpeall na háite.

Ní gá a rá ach go mbeidh plandaí ann go flúirseach, ar taispeáint agus ar díol. Cuirfidh bannaí, ceoltóirí agus rinceoirí áitiúla ceol san aer agus cuirfear turasanna eolais timpeall na gairdíní ársa faoi threoraithe cumasacha ar siúl saor in aisce ag tosnú ar an uair gach uair suas go dtí a ceathair a chlog. Cead isteach saor ach gearrfar táille €5 chun do charr a pháirceáil. Lá mór taitneamhach le crannchuir agus duaiseanna galore gur fiú luach €500 iad. Mar sin bí ann chun fáiltiú roimh an samhradh ag Margadh an tSamhraidh i nGairdíní Ducketts Grove. Tuilleadh eolais ar www.carlowtourism.com nó 059 9130411.

# Clonmore



CONTACT: STASIA DOYLE TEL 059 9144491

## Computer courses on offer at CRISP centre

HACKETSTOWN CRISP is presently offering the following courses: computers made simple/beginners; intermediate computers; and digital cameras for beginners. All classes are scheduled to begin in April or early May. Notes for the Hacketstown website may be left in for insertion into the CRISP Centre. For further information or enquires contact 059 6471733 or call into the centre.

**IRISH WHEELCHAIR CYCLE**
The association's 32nd annual cycle from Cork to Carlow will take place on the 11th, 12th and 13th June. All proceeds go to the Carlow branch of the Irish Wheelchair Association. For further information, phone Jack on 086 8402081.

**LUGNAQUILA**
The boys in first year at Colaiste Eoin will attempt a sponsored climb on Lugnaquila on Wednesday 28 April in aid of MS. The boys have cards to fill. Please give generously for such worthy causes.

**COLAISTE EOIN**
Bookings are now being taken for a FETAC level 5 special needs course. Modules comme 23rd September from 7pm to 10pm for ten Thursday evenings.

**RAINBOWS**
The bereavement support programme "Rainbows" is a 12-week support programme offered through Tullow Community School. If you are affected by bereavement, loss or separation please come along. It helps people to talk about their feelings with others in a similar situation. Groups include: Sunbeams (3-5); Rainbow (5-12); Spectrums (12-13 years and adults). For more information, or to register, please contact Sheila Moss on 059 9180010.

**FUNDRAISER**
The Carlow Branch of the Alzheimer Society of Ireland, The Haven, Carlow Road, Tullow will hold their annual tea day fundraiser on Thursday 6th May in the parish centre from 9.30am to 3pm. Anyone who would like to help with the street collection or tea party are asked to please contact Caroline by phoning 087 9126555.

**PARISH LOTTO**
The jackpot is now €700, and €1,700 with the bonus number. The numbers drawn last Sunday night were 22, 5, 23. The bonus number was 4. Winners of €40 were Mick Keogh, The Glen of Imaal, Lily Jackman, Tullowabeg, Mrs T Doyle, Paulville, Bernie Rooney, Knockballystine, and Liam Hickey, Haroldstown.

**PARISH BINGO**
The snowball is €500, and can be won in 45 numbers or less in a full house. Check on a full house on number 13 and win €20 extra, or check on number 90 and win an extra €20. The parish priest and committee are thankful to all supporters of bingo, lotto and ticket sellers.

**SYMPATHY**
Sympathy is extended to Mrs Anne Bailey, Coolkenno on the death of her sister Christine Burns (née Phelan ), The Curragh, Co Kildare who died on April 15th in the care of the staff of Curragh Lawns Nursing Home. Her remains were removed to St Brigid's Church, The Curragh. The next day, her burial took place in Tynaclash Cemetery, Kiltegan after 10 o'clock Requiem Mass. Christine is mourned and sadly missed by her husband, family, relatives and friends.

## Macra na Feirme news

Carlow Macra would like to wish Daragh Kavanagh from Tullow Macra Na Feirme all the best for the Mr Personality Competition in Kilkenny, and Ballymurphy Macra Na Feirme, who will be participating in the volleyball competition.

